

Cuntas Leithreasa 2022

Vóta 12

Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 12, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 ar phinsin, aoisliúntas, díobhálacha ceirde agus liúntais agus aiscí eile faoi na hAchtanna Aoisliúntas, 1834 go 2004, agus reachtanna ilchineálacha eile, ar phinsin reachtúla bhreise, liúntais agus aiscí arna ndámhachtain ag an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, ar tháillí le teistiméirí leighis agus táillí ócaídeacha le dochtúirí, ar chúiteamh agus íocaíochtaí eile maidir le díobhálacha pearsanta, ar tháillí leis an Údarás Pinsean, ar tháillí gairmiúla eile agus ar íocaíochtaí ilghnéitheacha, i measc nithe eile.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2022, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlítear barrachas €100.103 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i gclóclán 22 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á oibriú ag an Roinn.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus na n-oibleagáidí eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear gach idirbheart agus go dtaifeadtar iad go cuí, agus go gcoiscítear earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse atá ann idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna, airgeadais agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte, lena n-áirítear seirbhísí comhroinnte airgeadais, á soláthar don Oifig seo.

I mí Aibreáin 2022, cuireadh córas Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte i bhfeidhm d'ocht gcliantchomhlacht, an Vóta seo ina measc. Cuireadh Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais in áit an chórais airgeadais a bhí in úsáid sa Roinn cheana féin. D'fhág sé sin go raibh dhá chuntas cuntasaíochta ar leith i bhfeidhm le linn na bliana cuntasaíochta 2022. Bhí dúshláin ag baint leis an gcóras airgeadais traseagraíochtúil mórsála sin a thabhairt isteach. Le linn an cuntas seo a ullmhú, rinne an tAonad Airgeadais laistigh den Roinn seo seiceálacha láimhe breise chun a chinntiú go bhfuil na figiúirí atá á dtuairisciú cruinn. Leanann an Roinn le hobair i gcomhar leis an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun iarracht a dhéanamh na dúshláin sin a shárú.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a áirithiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom le linn dom mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chumhdach.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmलगin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoimeádann an lucht ardbhainistíochta é faoi athbhreithniú
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne feidhmíocht thuartha
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC.

Iniúchóireacht inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn a bhfuil pearsanra atá oile go cuí inti, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam féin. Tá obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bhonn tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a athrú chun dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as rialuithe a oibriú atá sannta do bhaill foirne ar leith.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus ar na daoine den lucht bainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2022 as ar eascair caillteanas ábhartha nó as a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt.

David Moloney
Oifigeach Cuntasaíochta
Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

21 Márta 2023

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltas agus an caiteachas a bhain le Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Aoisliúntas agus Liúntais Scoir agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

29 Meitheamh 2023

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáiltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach tá an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinnim sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna cuntas leithreasa, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fóras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúcháireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

Cuntas Leithreasa 2022

		2022		2021
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Aoisliúntas agus liúntais scoir			
	<i>Bunaidh</i>	707,620		
	<i>Forlíontach</i>	79,000		
		<u>786,620</u>	<u>762,551</u>	<u>698,543</u>
Ollchaiteachas				
	<i>Bunaidh</i>	707,620		
	<i>Forlíontach</i>	79,000		
		<u>786,620</u>	<u>762,551</u>	<u>698,543</u>
B	Leithreasáí-i-gcabhair	<u>433,192</u>	<u>509,226</u>	<u>433,798</u>
Glanchaiteachas				
	<i>Bunaidh</i>	274,428		
	<i>Forlíontach</i>	79,000		
		<u>353,428</u>	<u>253,325</u>	<u>264,745</u>

Barrachas

Dlítear barrachas na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh a ghéilleadh don Stáitchiste.

	2022	2021
	€	€
Barrachas le géilleadh	<u>100,103,037</u>	<u>75,123,535</u>

David Moloney

Oifigeach Cuntasaíochta

Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

21 Márta 2023

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2022

	2022	2021
	€000	€000
Costas an chláir	762,025	698,231
Pá	—	—
Neamhphá	526	312
Ollchaiteachas	762,551	698,543
<i>Lúide</i>		
Leithreasaí-i-gcabhair	509,226	433,798
Glanchaiteachas	253,325	264,745
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha		
Méadú ar fhabhruithe deiridh	(183)	—
Caiteachas díreach	253,142	264,745
Caiteachas a iompraíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	4,083	3,804
Glanhostas an chláir	257,225	268,549

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is é atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara ná na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 12 a iompraíodh in áit eile.

	2022	2021
	€000	€000
Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais	28	57
Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	2,946	2,732
An Príomh-Chiste ^a	1,109	1,015
	4,083	3,804

Nóta ^a Tagann caiteachas Príomh-Chiste aníos ar phinsin agus costais ghaolmhara a bhaineann le Céilí agus Leanaí Airí, le Cathaoirligh, le Leas-Chathaoirligh, le Cinn Chomhairle agus le Leas-Chinn Chomhairle.

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022 €000	2021 €000
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.1	51,997	30,730
Iarmhéideanna dochair eile	2.2	166	350
Ioncam fabhraithe	2.3	183	—
Iomlán na sócmhainní reatha		52,346	31,080
Lúide dliteanais reatha			
Iarmhéideanna sochair eile	2.4	16,942	11,468
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.5	35,221	19,612
Iomlán na ndlíteanas reatha		52,163	31,080
Glansócmhainní reatha		183	—
Glansócmhainní		183	—
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.6	183	—

2.1 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2022	2021
	€000	€000
larmhéideanna ag an bPámháistir	51,958	30,730
Ginearálta agus airgead tirim		
larmhéid cuntais bainc tráchtála	39	—
	51,997	30,730

2.2 larmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2022	2021
	€000	€000
Pinsin in-fhorchúitithe atá dlite ó ranna eile	166	350
	166	350

2.3 Ioncam fabhraithe

ag an 31 Nollaig	2022	2021
	€000	€000
Ceannach meas-seirbhíse	183	—
	183	—

2.4 larmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2022	2021
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	9,028	8,337
Muirear sóisialach uilíoch	1,484	1,350
Cáin mhaoine áitiúil	151	151
	10,663	9,838
Asbhaintí pinsin deonacha á gcoinneáil ar fionraí	4,620	35
Míreanna sochair eile ar fionraí	1,659	1,595
	16,942	11,468

2.5 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2022 €000	2021 €000
Barrachas le géilleadh	100,103	75,124
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(64,882)	(55,512)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	35,221	19,612
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	51,997	30,730
Iarmhéideanna dochair: fionraí	166	350
	52,163	31,080
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(10,663)	(9,838)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(6,279)	(1,630)
	(16,942)	(11,468)
	35,221	19,612

2.6 Cuntas maoinithe Stáit

	Nóta	2022 €000	2021 €000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir		—	—
Eisíocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar meastacháin	Cuntas	353,428	
Barrachas le géilleadh	Cuntas	(100,103)	
Glanvóta		253,325	264,745
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile		4,083	3,804
Glanchostas an chláir		(257,225)	(268,549)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig		183	—

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Clár A Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

		<u>2022</u>		<u>2021</u>
		<u>Soláthar</u>	<u>Toradh</u>	<u>Toradh</u>
		<u>meastacháin</u>		
		€000	€000	€000
A.1	Liúntais aoisliúntas, liúntais chúitimh, pinsin agus liúntais áirithe leanaí			
	<i>Bunaidh</i>	530,852		
	<i>Forlíontach</i>	<u>23,614</u>		
			554,466	551,409
				494,352
A.2	Íocaíochtaí faoi na scéimeanna pinsean ranníocacha do chéilí agus leanaí státseirbhíseach, comhaltaí de na breithiúna agus oifigeach cúirte			
	<i>Bunaidh</i>	43,966		
	<i>Forlíontach</i>	<u>1,559</u>		
			45,525	45,971
				44,036
A.3	Pinsin ex-gratia do bhaintreacha agus leanaí státseirbhíseach, comhaltaí de na breithiúna agus oifigeach cúirte			
	<i>Bunaidh</i>	208		
	<i>Forlíontach</i>	<u>(21)</u>		
			187	177
				199
A.4	Liúntais bhreise agus aiscí breise i ndáil le hoifigigh bhunaithe agus íocaíochtaí i ndáil le seirbhís aistrithe			
	<i>Bunaidh</i>	109,000		
	<i>Forlíontach</i>	<u>53,929</u>		
			162,929	141,181
				137,617
A.5	Pinsin, liúntais agus aiscí i ndáil le hoifigigh neamhbhunaithe agus a gcéilí agus a leanaí agus pinsin agus íocaíochtaí eile i ndáil le seirbhís aistrithe			
	<i>Bunaidh</i>	22,000		
	<i>Forlíontach</i>	<u>94</u>		
			22,094	22,775
				21,551
A.6	Deontais díobhála agus táillí leighis			
	<i>Bunaidh</i>	345		
	<i>Forlíontach</i>	<u>(7)</u>		
			338	283
				287

		2022		2021
		Soláthar meastacháin		Toradh
		€000	€000	€000
A.7	Táillí a bhaineann le pinsean agus speansais eile			
	<i>Bunaidh</i>	794		
	<i>Forlíontach</i>	(168)		
			626	526
A.8	Íocaíochtaí maidir le dlíteanas faoi Chaibidil 2C den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997		400	175
A.9	Dlíteanais phinsin iarchomhlachtaí seirbhíse poiblí atá iníoctha faoi reacht		55	54
			786,620	762,551
				698,543

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha (+/- 5% agus €100,000).

A.4 Liúntais bhreise agus aiscí breise i ndáil le hoifigigh bhunaithe agus íocaíochtaí i ndáil le seirbhís aistrithe

Soláthar meastacháin €109 milliún; toradh €141.2 milliún

Bíonn caiteachas ar an bhfo-mhírcheann seo faoi réir líon na ndaoine a thagann isteach sa scéim agus a imíonn uaithi agus faoi réir an mheascáin grád, a d'fhéadfadh athrú ó bhliain go bliain. Tharla an méadú €32.2 milliún i gcaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin toisc gur mhó leibhéal na gcnapshuimeanna a íocadh ná an leibhéal a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán mar gheall ar líon na ndaoine a chuaigh ar scor, agus meascán gráid na ndaoine sin, a bheith níos airde. I bhfianaise na hinathraitheachta bunúsaí maidir le caiteachas, agus i bhfianaise an leibhéil ollchaiteachais mar a bhí ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair, iarradh ar mheastachán forlíontach arbh fhiú thart ar €54 mhilliún é le haghaidh fho-mhírcheann A.4, agus d'fhaomh an tOireachtas é sin. Ba é an t-eispéireas iarbhir ag deireadh na bliana ná go ndeachaigh 1,960 duine ar scor (126% den mheastachán bunaidh) ón scéim bhunaithe, agus cnapshuim á fáil acu faoi fho-mhírcheann A.4. Sa chás sin, ní raibh an soláthar forlíontach iomlán ag teastáil.

A.7 Táillí a bhaineann le pinsean agus speansais eile

Soláthar meastacháin €794,000; toradh €526,000

Níor úsáideadh soláthar do tháillí dlí faoi dheireadh na bliana 2022, rud a d'fhág go raibh toradh na bliana 2022 níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis.

A.8 Íocaíochtaí maidir le dliteanas faoi Chaibidil 2C den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997

Soláthar meastacháin €400,000; toradh €175,000

Foráiltear leis an Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, go bhféadfaidh daoine atá faoi dhliteanas i leith cáin ioncaim 'barrachais inmhuirearaithe' a roghnú aon bharrachas inmhuirearaithe a aisíoc thar thréimhse iarscoir 20 bliain ar a mhéad, ach nach mór don riarthóir pinsean an tsuim iomlán atá dlite a íoc leis an Ard-Bhailitheoir taobh istigh de thrí mhí de scor an duine. I gcásanna amhlaidh, léirítear an tsuim a íocadh mar mhuirear faoi fho-mhírcheann A8.

Tharla an t-easnamh €225,000 i gcaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin €400,000 toisc gur lú líon na ndaoine a d'fheidhmigh an ceart atá acu muirear a chruthú ar an Vóta ná mar a bhíothas ag súil leis.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2022		2021
		Measta €000	Réadaithe €000	Réadaithe €000
1	Fáltais faoin Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 1993 (Uimh. 38 de 1993), maidir le dliteanas pinsin foirne	27,852	27,852	25,400
2	Fáltais maidir le dliteanas pinsin do bhaill foirne ar iasacht, etc.	1,170	778	888
3	Ranníocaíochtaí leis an scéim pinsean do chéilí agus leanaí státseirbhíseach agus daoine eile	17,420	19,452	17,624
4	Fáltais maidir leis an scéim ranníocach a tugadh isteach do státseirbhísigh bhunaithe a ceapadh an 6 Aibreán 1995 nó tar éis an dáta sin (Ciorclán 6/95)	37,700	40,330	38,815
5	Aisíocaíocht aiscí, etc.	500	72	624
6	Ceannach meas-seirbhíse	6,500	5,289	5,594
7	Ranníocaíochtaí scéime aonair	342,000	415,192	344,853
8	Ilghnéitheach	50	261	—
Iomlán		433,192	509,226	433,798

Seo a leanas na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €76.034 milliún níos airde ná an meastachán. Tá míniú ar na difríochtaí leagtha amach thíos.

2 Fáltais maidir le dliteanas pinsin do bhaill foirne ar iasacht, etc.

Meastachán €1.17 milliún; réadaithe €778,000

Tharla an t-easnamh arbh fhiú thart ar €400,000 é de bharr rómheastachán ar líon na mball foirne ar iasacht. Bíonn sé deacair líon na mball foirne ar iasacht a thuar ó bhliain go bliain.

3 Ranníocaíochtaí leis an scéim pinsean do chéilí agus leanaí státseirbhíseach agus daoine eile

Meastachán €17.42 milliún; réadaithe €19.45 milliún

Tharla an méadú €2.03 milliún de bharr ranníocaíochta leis an scéim pinsean do chéilí agus leanaí státseirbhíseach agus daoine eile a bheith níos airde ná mar a bhíodhas ag súil leis. Is féidir leis an bhfigiúr sin athrú ó bhliain go bliain.

4 Fáltais maidir leis an scéim ranníocach a tugadh isteach do státseirbhísigh bhunaithe a ceapadh an 6 Aibreán 1995 nó tar éis an dáta sin (Ciorclán 6/95)

Meastachán €37.7 milliún; réadaithe €40.33 milliún

Tharla an méadú arbh fhiú thart ar €2.63 milliún é de bharr gannmheastacháin ar leibhéal na bhfáltas ón gchoirt de státseirbhísigh a ceapadh an 6 Aibreán 1995 nó tar éis an dáta sin agus roimh an 1 Eanáir 2013 agus ar comhaltaí den scéim bhunaithe iad. Laghdóidh an líon sa chohórt sin de réir mar a rachaidh daoine ar scor. Tá tionchar ag athruithe i leibhéil tuarastail an chohóirt sin ar an leibhéal ranníocaíochtaí, áfach, agus d'fhéadfadh sé sin méadú de réir dul chun cinn gairme.

5 Aisíocaíocht aiscí, etc.

Meastachán €500,000; réadaithe €72,000

Athraíonn an fo-mhírcheann seo bliain i ndiaidh bliana toisc go mbíonn sé ag brath ar aiscí a bheith á n-aisíoc ag státseirbhísigh. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé bheith deacair an meastachán a thuar.

6 Ceannach meas-seirbhíse

Meastachán €6.5 milliún; réadaithe €5.29 milliún

Athraíonn an fo-mhírcheann seo bliain i ndiaidh bliana toisc go mbíonn sé ag brath ar mheas-seirbhís a bheith á ceannach ag státseirbhísigh. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé bheith deacair an meastachán a thuar.

7 Ranníocaíochtaí scéime aonair

Meastachán €342 mhilliún; réadaithe €415 mhilliún

Tharla an méadú arbh fhiú thar ar €73 mhilliún é go príomha mar gheall ar mhéadú ar leibhéal na bhfáltas i míonna deiridh na bliana. Is ionann an tsuim a cuireadh chun sochair an Vóta i ndáil leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair agus ranníocaíochtaí a rinne gach seirbhíseach poiblí nua a thosaigh fostaíocht tar éis an 1 Eanáir 2013. Cé go ndéantar maoirseacht lárnach ar líon iomlán na n-oibrithe seirbhíse poiblí, déantar líon na n-iontrálaithe nua, uainiú a bhfostaíochta agus an grád agus an leibhéal pá ag a bhfostaítear iad in earnálacha aonair in aon bhliain amháin a bhainistiú sna hearnálacha sin agus bíonn siad faoi réir éagsúlacht leathan. De bharr chineál na bpróiseas earcaíochta agus scoir ar fud na seirbhíse poiblí, beidh leibhéal éagsúlachta ann go fóill idir na meastacháin agus na fáltais.

8 Fáltais ilghnéitheacha

Meastachán €50,000; réadaithe €261,000

Athraíonn an fo-mhírcheann seo bliain i ndiaidh bliana toisc go bhfuil sé deartha chun bonn a sholáthar le haghaidh fáltais dhothuartha a chur i dtaisce, ar nithe iad a d'fhéadfadh a fháil le linn na bliana mar gheall ar chúiseanna éagsúla. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé bheith deacair an meastachán a thuar.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Foireann

Maidir le gach ball foirne a fhostaítear i riar agus íoc an aoisliúntais a mhuirearaítear chuig an Vóta seo, íoctar iad ó Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Muirearaítear costais na mball foirne atá ag tabhairt faoi cheapadh an bheartais aoisliúntais chuig Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

5.2 Pinsinéirí

Tá miondealú de réir fo-mhírchinn ar líon iomlán na bpinsinéirí a bhí ag fáil íocaíochta ag deireadh na bliana leagtha amach thíos.

		2022	2021
A.1	Liúntais aoisliúntais, liúntais chúitimh, pinsin agus liúntais áirithe leanaí	22,969	21,462
A.2	Íocaíochtaí faoi na scéimeanna pinsean ranníocacha do chéilí agus leanaí státseirbhíseach, comhaltaí de na breithiúna agus oifigeach cúirte	3,089	3,037
A.3	Pinsin ex-gratia do bhaintreacha agus leanaí státseirbhíseach, comhaltaí de na breithiúna agus oifigeach cúirte	12	14
A.5	Pinsin, liúntais agus aiscí i ndáil le hoifigigh neamhbhunaithe agus a gcéilí agus a leanaí agus pinsin agus íocaíochtaí eile i ndáil le seirbhís aistrithe	4,326	4,390
A.9	Dlíteanais phinsin iarchomhlachtaí seirbhíse poiblí atá iníoctha faoi reacht	3	3
		30,399	28,906

5.3 Seirbhísí gníomhaireachta íocaíochta pinsin

Déantar ó Vóta 12 íocaíochtaí pinsin, ar bhonn gníomhaireachta, le hiarbhaill foirne de chuid na gcomhlachtaí atá leagtha amach thíos.

Ainm an chomhlachta	Líon na bpinsinéirí	Oll-luach (in aghaidh na bliana) €milliún
Pinsin Coistí Gairmoideachais/Institiúidí Teicneolaíochta/Bord Oideachais agus Oiliúna	12,875	341
Pinsin FÁS/SOLAS	1,481	31

Muirearaítear na suimeanna a íoctar chuig Vóta 26 Oideachas agus chuig Vóta 45 Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht.

5.4 Ró-íocaíocht pinsean

Ba é iomlán na ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana ná €44,663 (68 gcás) (2021: €48,863 (72 chás)). Tá pleananna aisghabhála i bhfeidhm i ngach ceann de na cásanna sin.

5.5 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Is é an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe freisin. Tá a leibhéal tuarastail nochta sa Chuntas Leithreasa do Vóta 11.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Laghdú pinsin

Foráiltear le hAcht na bPinsean (Laghdú), 1965, agus leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, go ndéantar pinsin na státseirbhíseach a choinnítear nó a athfhostaítear tar éis a ngnáthaoise scoir a laghdú de réir mar is gá lena chinntiú nach sáraíonn a bpá iomlán sa tréimhse coinnithe nó athfhostaithe an luach saothair a gheobhadh siad dá bhfanfadh siad sna poist a bhí acu ar an lá deiridh dá gcuid seirbhíse inríofa. Foráiltear leis an reachtaíocht freisin go bhféadfar laghduithe dá leithéid a tharscaoileadh faoi rogha an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe. In 2022, laghdaíodh pinsin 34 státseirbhíseach ar scor go hiomlán nó go páirteach. Ba é €232,957 an tsuim iomlán a laghdaíodh in 2022.